16398 **M88**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☛ [ ]

Iomlán na Marcanna [ ]

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1998

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

## (270 marc)

**DÉ hAOINE, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 4.00**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1, 2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

1
• LE DÍOL •
TEACH DHÁ STÓR
BÓTHAR AN TSÉIPÉIL

2
Club na bPíobairí
Ranganna
ar na Píoba Uilleann
Dé hAoine 8.00p.m

3
AIRE!
TIOMÁIN GO MALL
BA AG TRASNÚ

4
AN SEOMRA EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ PRAITICIÚIL AR SIÚL
11.00 A.M. – 12.30 P.M.

5
ÓSTÁN NA TRÁ
GÓISIR MHÓR!
OÍCHE CHINN BHLIANA
Cuir fáilte roimh an mbliain nua!

6
CAILLTE
COILEÁN BEAG ÓG
DUBH AGUS BÁN
"PEATA" IS AINM DÓ!

7
NAÍONRA NA CILLE
DUINE ÓG AG TEASTÁIL
CHUN AIRE A THABHAIRT
DO PHÁISTÍ ÓGA

8
CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL
CLUICHE CEANNAIS
LIATHRÓID LÁIMHE
DÉ DOMHNAIGH 3.00 P.M


9
FÓGRA ÓN gCOMHAIRLE CHONTAE
BÓTHAR NA GAILLIMHE DÚNTA!
CRAINN TITE
DE BHARR STOIRME

10
IARNRÓD ÉIREANN
AGALLAIMH DO PHOST
MAR THIOMÁNAÍ TRAENACH
SEOMRA 7


| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |


A


B



C


D


E



F


G


H



I


J

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (50 marc)

(a) Léigh an **litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 marc)

# BSL
## Bord Soláthair an Leictreachais

Príomhoifigí BSL
Bóthar Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
9 Meitheamh, 1998

Síle Ní Mhurchú
4 An Bóthar Mór
Gaillimh

A Shíle, a chara,

Go raibh maith agat faoi do litir den 3ú lá. Ba dheas litir i nGaeilge a fháil uait.

Tá tú sa chúigiú bliain ar scoil agus ba mhaith leat a bheith i do leictreoir tar éis na hArdteistiméireachta, a deir tú.

Níl aon phoist ar fáil le **Bord Soláthair an Leictreachais** i mbliana, ach beidh an Bord ag lorg daoine an bhliain seo chugainn. Beidh scrúdú iontrála ar siúl i Mí an Mhárta agus i Mí na Bealtaine a bheidh na hagallaimh. Cuirfimid fógra sna páipéir faoi i Mí Eanáir seo chugainn.

Nuair a bheidh tú sa séú bliain, scríobh chugam arís agus cuirfidh mé foirm iarratais chugat.

Is mise
*Cillian Breathnach*
(Bainisteoir Pearsanra)

**Ceisteanna:**

1. Cén post ba mhaith le Síle ?

| | |
|---|---|
| múinteoir scoile | |
| leictreoir | |
| bean phoist | |

2. Cén dáta ar scríobh Síle a litir ?

| | |
|---|---|
| 3ú Meitheamh | |
| 4ú Meitheamh | |
| 9ú Meitheamh | |

3. Cén bhliain ina bhfuil Síle ar scoil ?

| | |
|---|---|
| 3ú bliain | |
| 5ú bliain | |
| 6ú bliain | |


4. Cén uair a bheidh an Bord ag lorg daoine ?

| | |
|---|---|
| i mbliana | |
| an mhí seo chugainn | |
| an bhliain seo chugainn | |

5. Cad a bheidh ar siúl i Mí an Mhárta ?

| | |
|---|---|
| scrúdú iontrála | |
| agallaimh | |
| fógra á chur sna páipéir | |


(b) Léigh an **bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 marc)



**AN MAITH LEAT CAMPÁIL ?**

**Tar go dtí**

**IONAD CAMPÁLA NA SEANCHILLE**



Tá Ionad Campála na Seanchille ceathrú míle síos an bóthar ón tSeanchill i gContae Bhaile Átha Cliath. Siúil leat ar feadh trí mhíle eile agus beidh tú i mBré, i gCo. Chill Mhantáin.

Tá gach áis anseo againn do lucht campaí agus carabhán agus is féidir rothar a fháil uainn ar cíos an-réasúnta.

Níl an tIonad Campála ach deich nóiméad ó stáisiún traenach na Seanchille. Ní thógann sé ach cúig nóiméad déag dul go Dún Laoghaire ar an traein. Tógann sé 30 nóiméad ar an traein dul isteach go dtí lár na cathrach.

Tá an tSeanchill cois na farraige agus ag bun na sléibhte chomh maith. Dhá ollmhargadh agus teach tábhairne amháin atá ar an bpríomhshráid agus tá séipéal in aice an bhaile freisin.

Tuilleadh Eolais ag: 01-2134567

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil an tSeanchill ?

| | |
|---|---|
| i lár na cathrach | |
| i gCo. Bhaile Átha Cliath | |
| i gCo. Chill Mhantáin | |

**2.** Cé mhéad míle atá an tIonad Campála seo ón tSeanchill ?

| | |
|---|---|
| ceathrú míle | |
| trí mhíle | |
| ceithre mhíle | |

**3.** Cad is féidir a fháil ar cíos san Ionad Campála seo ?

| | |
|---|---|
| campaí | |
| carabháin | |
| rothair | |

**4.** Cé mhéad nóiméad a thógann sé dul go Dún Laoghaire ar an traein ?


| | |
|---|---|
| 10 nóiméad | |
| 15 nóiméad | |
| 30 nóiméad | |

**5.** Cad atá in aice an bhaile ?

| | |
|---|---|
| ollmhargadh | |
| teach tábhairne | |
| séipéal | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** seo atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 marc)

**TIMPISTE IN ÁTH LUAIN**



**Tháinig fear óg slán nuair a chuaigh a charr isteach in abhainn na Sionainne i mBaile Átha Luain go deireanach aréir. An drochaimsir ba chúis leis an timpiste dar leis na gardaí.**

Bhí Liam Ó Murchú (23), as Cathair na Gaillimhe, ag tiomáint abhaile tar éis dó cúpla lá a chaitheamh i dteach a aintín i mBaile Átha Cliath. Bhí an ghaoth an-láidir ag an am.

Ar an mbóthar in aice na habhann a bhí Liam nuair a leag an ghaoth crann mór. Bhuail an crann carr Liam ach ní raibh sé ábalta stopadh. Bhris a charr trí chlaí cosanta agus chuaigh an carr isteach san uisce. Buíochas le Dia, d'éirigh le Liam snámh isteach go dtí bruach na habhann.

Ghlaoigh fear tacsaí, a chonaic an eachtra seo, ar an otharcharr agus tugadh Liam chuig an ospidéal. Choinnigh na dochtúirí istigh thar oíche é.

Tráthnóna inniu, chuaigh Liam abhaile go Gaillimh ar an traein slán sábháilte. Bhí an t-ádh dearg air!

**Ceisteanna:**

**1.** Cad a chuaigh isteach in abhainn na Sionainne aréir ?

| | |
|---|---|
| tacsaí | |
| crann | |
| carr | |

**2.** Cén áit arb as do Liam ?

| | |
|---|---|
| as Baile Átha Luain | |
| as Cathair na Gaillimhe | |
| as Baile Átha Cliath | |

**3.** Cén áit a raibh Liam nuair a leag an ghaoth an crann ?

| | |
|---|---|
| i dteach a aintín | |
| in aice na habhann | |
| san ospidéal | |

**4.** Cad a rinne an fear tacsaí ?

| | |
|---|---|
| Ghlaoigh sé ar na gardaí | |
| Ghlaoigh sé ar Liam | |
| Ghlaoigh sé ar an otharcharr | |

**5.** Cén uair a chuaigh Liam abhaile ?

| | |
|---|---|
| go deireanach aréir | |
| ar maidin inniu | |
| tráthnóna inniu | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (60 marc)

(a) Léigh an **t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)


PÁDRAIG Ó CONAIRE

An bhfaca tú an fear beag sin ariamh atá ina shuí i bPáirc na Faiche Móire i nGaillimh - hata ar a cheann agus leabhar agus peann ina lámh? Sin é Pádraig Ó Conaire, an scríbhneoir Gaeilge, a scríobh na scéalta i "Scothscéalta" nó sin dealbh de ar aon chaoi !

I nGaillimh a rugadh Pádraig sa bhliain 1882. Gaeilgeoirí ab ea a mhuintir, ach ba é an Béarla teanga an bhaile aige. Chuaigh sé go Rosmuc ag cónaí i dteach a uncail nuair a bhí sé timpeall aon bhliain déag agus is ansin a d'fhoghlaim sé an Ghaeilge.

Chaith Pádraig tamall ar scoil i mBaile Átha Cliath, sula ndeachaigh sé go Londain ag obair mar chléireach sa státseirbhís. Ach d'fhág sé an post sin agus tháinig sé ar ais go hÉirinn i 1914 agus chaith sé an chuid eile dá shaol mar scríbhneoir agus mar mhúinteoir.

D'éirigh thar barr leis mar scríbhneoir, ach ní dhearna sé mórán airgid as. Nuair a fuair sé bás i 1928 ní raibh fágtha sa saol aige ach a phíopa agus unsa tobac. Ní raibh sé ach sé bliana is daichead d'aois.

**Ceisteanna:**

1. Cén áit ar rugadh Pádraig Ó Conaire ?

| | |
|---|---|
| i Ros Muc | |
| i nGaillimh | |
| i mBaile Átha Cliath | |

2. Cén teanga baile a bhí ag Pádraig ?

______________________________________________

3. Cén post a bhí aige sa státseirbhís i Londain ?

| | |
|---|---|
| Cléireach | |
| Scríbhneoir | |
| Múinteoir | |

4. Cén bhliain ar tháinig sé ar ais go hÉirinn ó Londain ?

| | |
|---|---|
| 1882 | |
| 1914 | |
| 1928 | |


5. Cén aois a bhí sé nuair a fuair sé bás ?

| | |
|---|---|
| 28 bl. d'aois | |
| 46 bl. d'aois | |
| 106 bl. d'aois | |

(b) Léigh an **giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)



## An Chéad Lá ar Scoil...



Ceithre bliana, gan lá chuige nó uaidh a bhí Séimí Phádraig Duibh nuair a cuireadh chun na scoile é. Ní raibh bríste nó a dhath san am air ach cóta de ghlaisín caorach. Ar dhul isteach go teach na scoile dó, d'fhéach sé go scaollmhar ar gach taobh de.

D'iarr a mháthair air a bheith ina ghasúr maith go tráthnóna agus d'imigh sí. I gceann tamaill, tharraing an máistir air an leabhar mór dearg agus thosaigh sé ag glaoch amach ainmneacha. Ghlaoigh sé ceann amháin trí huaire, ach níor thug duine ar bith freagra air.

Bhí na páistí ar fad agus na súile sáite i Séimí acu. Bhí iontas an domhain ar Shéimí bocht agus ní raibh a fhios aige cad é a bhí ar siúl.

Sa deireadh anuas leis an mháistir go ceann an tí agus slat saileoige leis ina láimh. Thóg sé an tslat os cionn Shéimí. D'fhéach Séimí suas air agus cigilt ina mhuineál le heagla roimh na buillí.
"Cad chuige nár thug tú freagra ar d'ainm?" arsa an máistir.

as: **Caisleáin Óir** le Séamus Ó Grianna

(__Gluais__: glaisín caorach = éadach déanta as olann; go scaollmhar = go faiteach nó go heaglach)

__Ceisteanna:__

1. Cén aois a bhí Séimí nuair a cuireadh chun na scoile é ?

| | |
|---|---|
| 3 bl. d'aois | |
| 4 bl. d'aois | |
| 5 bl. d'aois | |

2. Cén sórt éadaí a bhí air san am sin ?

| | |
|---|---|
| culaith scoile | |
| bríste daite | |
| cóta de ghlaisín caorach | |

3. Cén dath a bhí ar an leabhar mór ?

______________________________

4. Cé a thosaigh ag glaoch amach ainmneacha ?

| | |
|---|---|
| Séimí | |
| a mháthair | |
| an máistir | |

5. Nuair a tháinig an máistir anuas go dtí Séimí, cad a bhí ar Shéimí ?

| | |
|---|---|
| iontas | |
| eagla | |
| fearg | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)



**AN tEARRACH**

Séasúr é seo idir fuacht agus teas
Is maith liom go mór é agus tugaim dó meas.
Tá trí mhí ann, péire fada is ceann gearr.
'S álainn an séasúr é agus ceapaim an ceann is fearr.

Tagann duileoga 's bláthanna amach ar na crainn
Bíonn na feirmeoirí sna garanntaí is iad ag obair go dian.
Anois tosaíonn na héin is iad ag canadh go binn
Go luath ar maidin 's in ard a gcinn.

Is breá liom éirí ar maidin go luath
Is cosúlacht an Earraigh ar fheiceáil faoin tuath
Bíonn gach uile dhuine sásta an Geimhreadh a bheith thart
'S is fada leo go bhfeicfidh siad an séasúr atá ag teacht.

Bíonn cúpla múr báistí againn anois 's arís
Ach corr uair tagann an ghrian aníos
Cosúil le Mac Dé nuair a d'éirigh sé ó mhairbh
Éiríonn na plandaí aníos arís san Earrach

le **Máire Uí Chonaola**
as: "*Idir Mná*" - *Scríbhneoirí Ros Muc*

<u>**Ceisteanna:**</u>

**1.** An maith leis an bhfile, **Máire Uí Chonaola,** an séasúr seo ?

| | |
|---|---|
| Is maith léi go mór é | |
| Ní maith léi é | |
| Is cuma léi faoi | |

**2.** Cé mhéad mí <u>fhada</u> atá sa séasúr seo ?

| | |
|---|---|
| ceann amháin | |
| péire | |
| trí cinn | |

**3.** Cad a bhíonn ar siúl ag na feirmeoirí ? Bíonn siad...

| | |
|---|---|
| ag gearán | |
| ag obair | |
| ag éirí go luath | |

**4.** Cé a thosaíonn ag canadh ?

| | |
|---|---|
| na héin | |
| Mac Dé | |
| gach uile dhuine | |

**5.** Cén séasúr is maith le gach uile dhuine a bheith thart ?

| | |
|---|---|
| An Fómhar | |
| An Geimhreadh | |
| An tEarrach | |


FREAGAIR **GACH** CEIST (**4, 5** *agus* **6**).

**CEIST 4** Freagair *(a)* **NÓ** *(b)*. (30 marc)


**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.





Cén rud ?
Cén áit ?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach ?



Cé hé fear an tí ?





Cad a tharlóidh don airgead ?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**FÓGRA**

NÓ

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Is tusa an duine a fuair an cuireadh seo ó Shíle. Scríobh **FREAGRA** ar an gcuireadh sin ag insint do Shíle:

- Cén uair a fuair tú an cuireadh ?
- An raibh áthas nó brón ort é a fháil ? } Pict. 1


- An mbeidh tú ábalta dul ann ?
- Cén fáth? Cad a dúirt do Dhaid ? } Pict. 3

- Cén uair a fheicfidh tú Síle arís ?
- Cén áit a bhfeicfidh tú í ? } Pict. 4

**FREAGRA**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b) (40 marc)

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Tá tusa ag obair san ospidéal seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint:

- Faoin ospidéal agus an áit a bhfuil an t-ospidéal (Pict. 1)
- Cúpla rud faoin obair a dhéanann tú
- Faoi na daoine atá ag fanacht san ospidéal } (Pict. 2 & 3)
- Faoi na rudaí a dhéanann tú ar an deireadh seachtaine (Pict. 4)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**<u>LITIR</u>**

NÓ

(b) Ba mhaith leat a bheith i do theicneoir le Telecom Éireann. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá thíos.
[Nóta: Is tusa Éanna De Barra]

**TELECOM ÉIREANN**
Foirm Iarratais

TELECOM ÉIREANN

Ainm: *Éanna De Barra*

Seoladh: ..........................................................................................

..........................................................................................

Aois: .................................................... Dáta Breithe: ....................................................

Airde: .................................................... Meáchan: ....................................................

Cad iad na hábhair a rinne tú don Teastas Sóisearach ? ..........................................................................................

..........................................................................................

An bhfuil tú ábalta ríomhaire a úsáid ? ..........................................................................................

An dtuigeann tú go mbeidh ort cúrsa traenála a dhéanamh ? ..........................................................................................

An bhfuil aon tinneas ort a chuirfidh isteach ar do chúrsa traenála ? ..........................................................................................

Beidh cúrsaí traenála ar siúl sna hionaid seo a leanas:

Cuir tic (✓) leis an gceann is fearr leat. Baile Átha Cliath ☐ ; Corcaigh ☐ ; Gaillimh ☐ ; Sligeach ☐ .

Luaigh trí chaitheamh aimsire a thaitníonn leat ..........................................................................................

An bhfuil tú ábalta tiomáint ? ..........................................................................................

Cuir ciorcal timpeall ar an dáta i mí Lúnasa is fearr leat le haghaidh agallaimh. Lúnasa 24ú, 25ú, 26ú, 27ú.

Scríobh alt beag (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith i do theicneoir.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

Síniú: *Éanna De Barra*

Dáta: ____________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b) (50 marc)

**(a)** Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tú i láthair ag an Lá Spóirt agus Scléipe seo. Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh don nuachtán 'Lá' faoi.

Scríobh an **cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## LÁ FHÉILE PÁDRAIG - LÁ SPÓIRT AGUS SCLÉIPE



**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá anseo thíos.

Tharla an **eachtra** seo lá agus tú ar do bhealach chuig an bpictiúrlann. Tá tú chun scríobh faoin eachtra seo in "Iris na Scoile" (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| lá breá brothallach | robálaithe | bhuail | sásta |
| seanfhear | scian | thit | airgead |

**EACHTRA A THARLA**